Green-Schools

Scoileanna Glasa
Fan sa Bhaile - Uisce

Gníomhaíocht: Galú

Fáilte chuig Fanacht sa Bhaile na Scoileanna Glasa! Tá an-áthas orainn roinnt rudaí deasa a thaispeáint duit is féidir a dhéanamh sa bhaile chun cuidiú leis an gcomhshaol i gcónaí! Cuirfimid tús leis le rud éigin a fhoghlaim faoi uisce!

An raibh a fhios agat go bhfuil uisce ann i dtrí stát? Tagann sé soladach mar oighear, leachtach mar uisce agus athraíonn sé ina ghás fiú, ar a dtugtar "gal uisce".

Nuair a dhéantar uisce a théamh, scaoiltear agus scaiptear na móilíní beaga as a ndéantar uisce agus déantar gás díobh. Tugtar "galú" ar an bpróiseas seo agus is cuid riachtanach é de thimthriall an uisce. An bhfuil a fhios agat... an chaoi a ndéanann gal uisce scamaill, agus ina dhiaidh sin éiríonn na scamaill an-trom agus déantar báisteach den ghal arís? Bailítear an bháisteach in aibhneacha agus in aigéin, déantar é a théamh agus... déantar gal uisce de arís!

FÍORAS!

An raibh a fhios agat go bhfuil níos mó gal uisce san atmaisféar ná atá in aibhneacha uile an domhain le chéile?? Sin a lán uisce!

Gníomhaíocht Ghalaithe

Céard atá ag teastáil uait?

- 2 phróca suibhe nó 2 sheanghloine (méid/cruth meaitseála)
- Marcóirí
- 1 chrúiscín tomhais (roghnach)
- Páipéar, siosúr & seilitéip
- Rud le húsáid mar chlúdach e.g. clúdach próca suibhe, cumhdach chéir bheach, fochupán nó scannán cumhdaithe

An rud le déanamh...



- Faigh dhá phróca suibhe folmha go díreach mar an gcéanna agus líon iad go cothrom thart ar dhá thrian lán le huisce.
- Déan scála simplí do gach ceann acu ag baint úsáide as píosa páipéir, mar atá sa ghrianghraf, agus cuir é seo ar an bpróca le téip.
- Clúdaigh ceann de na prócaí le clúdach nó cumhdach - déan cinnte go bhfuil sé aer-obach! Fág an ceann eile gan chlúdach.

LEID!

Más mian leat a bheith eolaíoch i ndáiríre, is féidir crúiscín tomhais a úsáid chun an méid uisce a chuir tú isteach a thomhas.



- Cuir na prócaí in aice lena chéile in áit ghrianmhar taobh istigh de do theach, mar atá leac fuinneoige. Úsáid marcóir chun an dáta a thaifeadadh agus leibhéal an uisce ar na scálaí do gach ceann a mharcáil.
- Seiceáil iad amárach ag an am céanna - an bhfuil an méid céanna uisce iontu fós? Marcáil na leibhéil uisce leis an dáta nua ar na prócaí arís.Déan é seo gach lá go ceann coicíse...

Conclúid

Cad a tharla agus cén fáth? Ar tháinig athrú ar na leibhéil uisce, agus más rud é gur tháinig, cá ndeachaigh an t-uisce? Déan an turgnamh an athuair ach cuir na prócaí i gcuid dorcha fionnuar den teach. An bhfuil níos mó nó níos lú ama i gceist, maidir le hathruithe ar na leibhéil uisce?